Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2016**
**(OR. en)**

**15046/16**

**LIMITE**

**ENV 748**
**COMPET 629**
**IND 258**
**RECH 338**
**ECOFIN 1138**
**ECO 78**
**SOC 760**
**SAN 419**
**CONSOM 296**
**MI 765**
**CHIMIE 72**
**ENT 220**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13788/4/16 ENV 681 COMPET 550 IND 224 RECH 299 ECOFIN 967 ECO 70 SOC 650 SAN 369 CONSOM 260 MI 669 CHIMIE 63 ENT 197 REV 4 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fónta ceimiceán<br>- Glacadh |

1. Faoin gClár Oibre maidir le Rialáil níos Fearr, tá an Coimisiún tar éis meastóireacht REFIT a phleanáil ar REACH, mar aon le seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht ar fad an Aontais i ndáil le ceimiceáin cé is moite de REACH.

2. Maidir le roinnt tionscnamh agus páipéar eile a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar acquis an Aontais ó thaobh bainistiú fónta ceimiceán, níor éirigh leis an gCoimisiún iad a chur i gcrích in am, ina measc sin tá cur chuige straitéiseach maidir le truailliú an uisce le substaintí cógaisíochta, an tuarascáil ar mheasúnú ar mheascáin cheimiceacha agus an t-athbhreithniú ar an rialachán maidir le táirgí cosmaideacha i ndáil le substaintí a bhfuil airíonna réabtha iontálaigh iontu.

3. Chomh maith leis sin, bhí tionchar freisin ag toradh roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta a bhí ar siúl le déanaí ar chlár oibre idirnáisiúnta na gceimiceán, na sláinte agus an chomhshaoil, mar atá an 70ú seisiún de chuid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe inar glacadh Clár Oibre 2030, an dara seisiún de Chomhthionól Comhshaoil NA de chuid Clár Comhshaoil NA, an 69ú seisiún den Chomhthionól Domhanda Sláinte agus Comhdháil Habitat III de chuid na Náisiún Aontaithe.

4. Sa chomhthéacs seo ar an 31 Deireadh Fómhair 2016 chuir an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le "Cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fónta ceimiceán" ar an gclár oibre[1].

5. Ar an 8 Samhain 2016, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol (WPE) na dréachtchonclúidí ón gComhairle, agus ar an 17 Samhain 2016 phléigh sí arís iad ar bhonn dréacht athbhreithnithe a d'ullmhaigh an Uachtaránacht[2]. Ar an 5 Nollaig 2016, agus tar éis trí nós imeachta tosta neamhfhoirmiúla i ndiaidh a chéile maidir le téacsanna athbhreithnithe[3], tháinig WPE ar chomhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo é.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle a dheimhniú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo iad agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle (Comhshaol) lena nglacadh ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 19 Nollaig 2016.

---

[1] 13788/16.
[2] 13788/1/16 REV 1.
[3] 13788/2/16 REV 2, 13788/3/16 REV 3 agus 13788/4/16 REV 4.

**Cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fónta ceimiceán**

**- dréachtchonclúidí ón gComhairle-**

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR gur mórchuspóirí de chuid an Aontais, de bhun fhorálacha Airteagal 191(1) CFAE, iad caomhnú agus cosaint an chomhshaoil agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil chomh maith le sláinte an duine a chosaint;

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú agus gur gá ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine a áirithiú agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme, de bhun fhorálacha Alt 11 agus Alt 168(1) CFAE;

AG MEABHRÚ an ghealltanais a tugadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (WSSD) in Johannesburg in 2002 agus ag an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán in Dubai in 2006, áit ar glacadh an Cur chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM), a athdhearbhaíodh i ndoiciméad toraidh Rio+20 "An Todhchaí atá Uainn" in 2012, chun bainistiú fónta ceimiceán ar feadh a saolré a bhaint amach faoi 2020 agus chun dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú ar bhealaí lena maolaítear drochéifeachtaí móra ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, agus AG AITHINT go bhfuil gá le breis oibre chun an gealltanas sin a chomhlíonadh;

AG MEABHRÚ na ngníomhaíochtaí agus na gcuspóirí a leagtar amach sna saincheisteanna beartais atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna eile ar údair imní iad i dtreo bainistiú fónta ceimiceán a shainítear faoi SAICM[1];

---

[1] Seo a leanas na sé shaincheist beartais atá ag teacht chun cinn agus dhá shaincheist eile ar údair imní iad agus a shainítear faoi SAICM: Luaidhe i bpéint, ceimiceáin i dtáirgí, substaintí guaiseacha i saolré táirgí leictreachais agus táirgí leictreonacha, nanaitheicneolaíocht agus nana-ábhair mhonaraithe, ceimiceáin réabtha iontálaigh, truailleáin chógaisíochta atá sa chomhshaol go leanúnach, ceimiceáin shárfhluairínithe agus an t-aistriú chuig substaintí malartacha atá níos sábháilte, agus lotnaidicídí mórghuaiseacha.

AG MEABHRÚ Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (Clár Oibre 2030) agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus na gcuspóirí a bhí ag gabháil leis, arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UNGA) an 25 Meán Fómhair 2015, agus BÉIM Á LEAGAN go háirithe ar na gealltanais a tugadh go ndéanfaí drochthionchair ceimiceán agus gach cineál dramhaíola ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú faoi 2020 trí bhainistiú fónta a bhaint amach dóibh, ó thaobh an chomhshaoil de, i rith thimthriall iomlán a saoil; líon na mbás agus na dtinneas a thagann as ceimiceáin ghuaiseacha agus as truailliú agus éilliú an aeir, an uisce agus na hithreach, a laghdú ar bhealadh suntasach faoi 2030; agus feabhas a chur ar cháilíocht an uisce trí thruailliú a laghdú, dumpáil a dhíbirt agus scaoileadh ceimiceán agus ábhair ghuaisigh san uisce a íoslaghdú;

AG MEABHRÚ Rún 1/5 agus Rún 2/7 maidir le ceimiceáin agus dramhaíl, arna nglacadh ag an 1ú agus ag an 2ú seisiún de chuid Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) in Nairobi an 27 Meitheamh 2014 agus 27 Bealtaine 2016 faoi seach, agus BÉIM Á LEAGAN go háirithe ar an bhfís go mbainfí amach bainistiú fónta ceimiceán i dtimthriall iomlán a saoil agus ar dhramhaíl ghuaiseach ar bhealaí lena ndéanfar drochthionchair shuntasacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a íoslaghdú;

AG MEABHRÚ an rúin maidir le ról na hearnála sláinte ó thaobh bainistiú fónta ar cheimiceáin arna ghlacadh ag an 69ú seisiún den Chomhthionól Domhanda Sláinte (an Ghinéiv, 23-28 Bealtaine 2016) agus na bhforálacha a bhaineann le ceimiceáin sa doiciméad toraidh arna ghlacadh ag Comhdháil Habitat III na Náisiún Aontaithe (Quito, 17-20 Deireadh Fómhair 2016);

AG DEARBHÚ na tábhachta a bhaineann le Coinbhinsiúin Basel, Rotterdam, Stócólm agus Minamata ó thaobh daoine agus an comhshaol a chosaint ar an leibhéal domhanda; AGUS BÉIM Á LEAGAN ar a riachtanaí atá sé go leanfaí de na sineirgí idir na hionstraimí sin agus le SAICM a chur chun cinn agus a neartú; Agus BÉIM Á LEAGAN freisin ar a riachtanaí atá sé go gcuirfí luas le próiseas daingniúcháin Choinbhinsiún Minamata ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na mBallstát le go mbeidh an Coinbhinsiún in ann teacht i bhfeidhm a luaithe agus is féidir;

AG MEABHRÚ go ndearnadh *acquis* an Aontais i dtaobh ceimiceán a nuachóiriú le deich mbliana anuas, go háirithe trí na Rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianú Ceimiceán (REACH)[1], Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán (CLP)[2], Táirgí Cosanta Plandaí[3] agus Táirgí Bithicídeacha[4], rud a chuir eolas fíor-riachtanach ar fáil i ndáil le hairíonna guaiseacha agus rioscaí ceimiceán agus bunlíne leathan cosanta lena bhféadfaí cabhrú chun cuspóir SAICM 2020 i ndáil le bainistiú fónta ceimiceán a bhaint amach;

AG MEABHRÚ gur iarradh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh chun feabhas a chur ar *acquis* an Aontais ó thaobh bainistiú fónta ceimiceán; cur chuige straitéiseach a fhorbairt a mhéid ab fhéidir faoi Mheán Fómhair 2015 i ndáil le truailliú an uisce le substaintí cógaisíochta[5]; an tuarascáil ar an measúnú ar mheascáin cheimiceacha a fhoilsiú faoi Mheitheamh 2015[6]; athbhreithniú a dhéanamh faoi Eanáir 2015 ar an Rialachán maidir le táirgí cosmaideacha[7] i ndáil le substaintí a bhfuil airíonna réabtha iontálaigh acu; agus athbhreithniú a dhéanamh faoi Mheitheamh 2013 ar REACH ó thaobh an nós imeachta le haghaidh substaintí a bhfuil airíonna réabtha iontálaigh acu a údarú; agus go bhfuiltear ag súil freisin go molfaidh an Coimisiún faoi Mheán Fómhair 2017 bearta, sa chás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag substaintí cógaisíochta ar an gcomhshaol;

AG MEABHRÚ Chlár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (an 7ú CGC)[8] agus é Á CHUR I dTREIS go mbeidh an 7ú CGC, agus a chur chun feidhme, bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, ar phrionsabal na gníomhaíochta coiscthí, ar phrionsabal cheartú an truaillithe ag an bhfoinse agus ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as[9]**;**

---

1 IOAE L 396, 30.12.2006, lch. 1.
2 IOAE L 353, 31.12.2008, lch. 1.
3 IOAE L 309, 24.11.2009, lch. 1.
4 IOAE L 167, 27.6.2012, lch. 1.
5 IOAE L 226, 24.8.2013, lch. 1.
6 10923/12 - COM (2012) 252 críochnaitheach.
7 IOAE L 342, 22.12.2009, lch. 59.
8 IOAE L 354, 28.12.2013, lch. 171.
9 Airteagal 2(2) den 7ú CGC.

AG MEABHRÚ chinneadh an 7ú CGC go ndéanfaí straitéis de chuid an Aontais a fhorbairt faoi 2018 i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach, agus ag cur le bearta cothrománacha, lena gcabhrófaí leis an nuálaíocht agus le forbairt réiteach inbhuanaithe ionadach lena n-áirítear réitigh neamhcheimiceacha, ag cur le ceithre cinn de bhearta cothrománacha a bheadh le cur i gcrích faoin mbliain 2015 leis an méid seo a leanas a áirithiú: (1) sábháilteacht nana-ábhar monaraithe agus ábhar eile a bhfuil airíonna comhchosúla acu; (2) an nochtadh do réabóirí iontálacha a íoslaghdú; (3) cineálacha iomchuí cur chuige rialála chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí comhcheangailte ceimiceán agus (4) an nochtadh do cheimiceáin i dtáirgí a íoslaghdú, lena n-áirítear, inter alia, táirgí allmhairithe, d'fhonn timthriallta neamhthocsaineacha ábhar a chur chun cinn agus an nochtadh laistigh do shubstaintí contúirteacha a íoslaghdú[10];

AG MEABHRÚ a riachtanaí atá sé go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfí, faoi 2020, na substaintí ábhartha ar fad ar cúis imní iad (SVHCanna) lena n-áirítear substaintí a bhfuil áiríonna réabhta iontálaigh acu ar cúis choibhéiseach imní iad, ar liosta iarrthóirí REACH[11];

AG MEABHRÚ go bhféachtar le Clár Oibre um Rialáil Níos Fearr an Choimisiún[12] le fás eacnamaíoch a spreagadh, nuálaíocht, iomaíochas, FBManna, cruthú post agus feidhmiú Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh a chothú, agus lena áirithiú go mbeidh luach breise i gceist le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh chomh maith le hardleibhéal cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus urraim ar na caighdeáin reatha cosanta;

AGUS BÉIM Á LEAGAN ar a riachtanaí atá sé go n-áiritheofaí go mbeadh creat rialála an Aontais trédhearcach, simplí agus cost-éifeachtúil, go n-áiritheofaí ardleibhéal cosanta i gcónaí leis don chomhshaol, don tsláinte, d'fhostaithe agus tomhaltóirí, lena n-áiritear an ceart chun faisnéise le go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna eolacha a dhéanamh agus cosaint ar ghrúpaí leochaileacha amhail páistí agus mná atá torrach nó ag cothú an linbh ar an gcíoch, é seo ar fad á thacú le hardú ginearálta feasachta i measc an phobail i ndáil le ceimiceáin;

AGUS BÉIM Á LEAGAN freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartas inbhuanaithe de chuid an Aontais i ndáil le ceimiceáin ag cur leis an nuálaíocht, go mbeadh urraim aige ar phrionsabal an réamhchúraim agus go gcuirfí poist agus fás inbhuanaithe ar fáil leis; agus BÉIM Á LEAGAN freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an creat rialála comhleanúnach agus comhsheasmhach le go mbeifear in ann na cuspóirí sin a bhaint amach;

---

[10] Mír 54 (iv) den 7ú CGC.
[11] Airteagal 57(f) de Rialachán REACH.
[12] 9079/15 - COM(2015) 215 críochnaitheach + ADD 1 + ADD 2.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá a ról gníomhach sa phróiseas idirsheisiúnach faoin gcur chuige straitéiseach maidir le bainistiú idirnáisiúnta ceimiceán le creat uaillmhianach a ghlacadh faoi 2020 chun bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola a áirithiú i ndiaidh 2020; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil comhar nuálach idir na hearnálacha ábhartha uile, amhail earnálacha an chomhshaoil, na sláinte, an oideachais, an tsaothair, na trádála, na talmhaíochta, an uisce, na bainistithe dramhaíola agus na tionsclaíochta, riachtanach do bhainistiú éifeachtach fónta ceimiceán agus dramhaíola; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le fís fhadtéarmach a ullmhú maidir le bainistiú fónta ar cheimiceán agus ar dhramhaíl amach anseo atá nasctha go soiléir le Clár Oibre 2030 agus leis an doiciméad toraidh maidir le "Bainistiú Fónta Ceimiceán agus Dramhaíola a Neartú go Fadtéarmach", a chorpraítear i Rún 1/5 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;

2. IS DÍOL SÁSAMH DI gur áiríodh, faoin gClár Oibre um Rialáil Níos fearr, seiceáil oiriúnachta ar *acquis* an Aontais i dtaca le ceimiceáin i bhfoirm meastóireacht REFIT a dhéanamh ar REACH[1] agus seiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht uile i dtaobh ceimiceán ach amháin REACH[2], agus LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht a bhaineann leis an obair sin chun leibhéal ard cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, chun cur chuige soiléir agus comhsheasmhach a dhaingniú sa reachtaíocht uile agus le cuidiú le bonn fíriciúil a leagan síos chun straitéis an Aontais Eorpaigh a fhorbairt i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach;

3. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún, agus meastóireacht REFIT á déanamh aige ar REACH, aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas: (1) comhlíonadh, cáilíocht, leorgacht agus inúsáidteacht na faisnéise clárúcháin REACH; (2) éifeachtacht agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca REACH; (3) nósanna imeachta chun neamhchomhlíonadh sainchomhad nó bearnaí sonraí a bhaint; agus (4) cobhsaíocht an bhoinn airgeadais do ghníomhaíochtaí ábhartha de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) i ndiaidh 2018;

1 http://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2017_env_005_reach_refit_en.pdf (is ionann an mheastóireacht seo agus an tuarascáil a luaitear in Airteagal 117.4 REACH).

2 http://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2015_grow_050_refit_chemicals_outside_reach_en.pdf.

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus meastóireacht REFIT á déanamh aige ar REACH, agus sa tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht uile i dtaobh ceimiceán ach amháin REACH a dhéanfar ag an am céanna aird ar leith a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- an comhtháthú idir REACH agus an reachtaíocht i dtaca le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, lena n-áirítear na modheolaíochtaí chun teorainneacha cosanta a bhunú san ionad oibre i dtaca le tiúchan, mar aon le bearta bainistíochta riosca;
- oiriúnacht an chreata reachtaíochta ceimiceán chun (1) sábháilteacht nana-ábhar monaraithe a áirithiú, nochtadh do réabóirí iontálacha a íoslaghdú, cineálacha cur chuige rialála iomchuí a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar chomhéifeachtaí ceimiceán agus nochtadh do cheimiceáin i dtáirgí a íoslaghdú, e.g. teicstílí, lena n-áirítear táirgí allmhairithe; (2) nuálaíocht agus ionadaíocht a spreagadh, lena n-áirítear substaintí malartacha neamhcheimiceacha, agus an cheimic inbhuanaithe a chur chun cinn; agus (3) ceart an phobail chun faisnéise a áirithiú lena chur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh;
- deiseanna a shainaithint chun cur chun feidhme a éascú, lena n-áirítear costais chomhlíonta a laghdú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus leibhéal ard cosanta á áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol ag an am céanna;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur forbraíodh cur chuige straitéiseach i leith ceimiceán mar chuid de phacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh [3] lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar roghanna maidir leis an gcomhéadan idir an reachtaíocht i dtaca le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl, agus roghanna a mholadh, lena n-áirítear roghanna i dtaca leis an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar laghdú a dhéanamh ar cheimiceáin arb ábhair imní iad agus iad a rianú ar feadh a saolré, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart an obair sin a bheith mar chuid den straitéis i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach;

6. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún, agus an cur chuige straitéiseach i leith ceimiceán á fhorbairt aige mar chuid de phacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh, an seachtú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (CGC) agus forálacha Chlár Oibre 2030 a chur san áireamh chun tacú le timthriallta ábhair neamhthocsainigh a fhorbairt ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar éifeacht dhiúltach na dramhaíola uile ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, agus na Conclúidí ón gComhairle[4] maidir le plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don gheilleagar ciorclach a chur san áireamh, freisin, go háirithe mír 11 agus mír 17 de sin;

---

[3] 14972/15 - COM(2015) 614 críochnaitheach + ADD 1.
[4] 10518/16.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Teachtaireacht an Choimisiúin a ghabhann lena thogra le haghaidh critéir eolaíocha chun réabóirí iontálacha a shainaithint[1]; IARRANN SÍ AR an gCoimisiún forálacha ábhartha an seachtú CGC a chomhlíonadh[2] agus tuilleadh forbartha á dhéanamh aige ar na critéir sin chun gur fearr is féidir daoine agus an comhshaol a chosaint ar réabóirí iontálacha; agus IARRANN SÍ AR an gCoimisiún straitéis an Aontais maidir le réabóirí iontálacha, 1999 a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin, de réir mar is iomchuí[3]**;**

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh an Tionscnamh Eorpach maidir le Bithmhonatóireacht Dhaonna agus an tArdán Faisnéise maidir le Faireachán a dhéanamh ar Cheimiceáin[4] mar chéad chéimeanna maithe i dtreo bonn eolais cuimsitheach faoi nochtadh ceimiceán a ullmhú i gcomhréir leis an seachtú CGC[5];

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur baolach nach mbainfear amach an cuspóir a bhaineann leis na substaintí atá ina n-údar mór imní (SVHCanna) a chur ar an liosta iarrthóirí REACH faoi 2020, toisc an laghdaithe i líon na sainchomhad SVHCanna, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go mbainfear an cuspóir sin amach go tráthúil;

10. IS CÚIS IMNÍ DI nár tugadh faoi na ceithre bheart chothrománacha [6] a bhí le déanamh faoi 2015 i gcomhréir leis an seachtú CGC, agus go bhfuil an Coimisiún déanach ag cur roinnt oibleagáidí dlíthiúla atá dírithe ar fheabhas a chur ar chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a chur chun feidhme;

11. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt faoin 30 Meitheamh 2017 ar an dul chun cinn a rinneadh chun na ceithre bheart chothrománacha a comhaontaíodh sa seachtú CGC agus forálacha eile nár cuireadh chun feidhme go fóill a ghabháil de láimh, agus IARRANN SÍ AR an gCoimisiún dlús a chur lena gcur chun feidhme, chun gur féidir na conclúidí ábhartha a chur isteach sa straitéis a bheidh ann amach anseo i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach;

---

[1] 10442/16 - COM(2016) 350 + ADD 1 go ADD 17.
[2] Mír 50, an tríú fomhír, go háirithe, agus mír 54 den seachtú CGC.
[3] 5257/00 - COM(1999) 706 críochnaitheach.
[4] https://ipchem.jrc.ec.europa.eu/RDSIdiscovery/ipchem/index.html agus 9705/16 - SWD(2016) 188 críochnaitheach.
[5] Mír 73(iv) den seachtú CGC.
[6] Mír 54(iv) den seachtú CGC.

12. MEASANN SÍ nach mór straitéis i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach a fhorbairt faoi 2018, a bheidh sainmhínithe go soiléir agus a bheidh ag teacht le *acquis* na gceimiceán trí bheartas ceimiceán an Aontais a leagan amach do na deich mbliana i ndiaidh 2020 agus is é a bheidh i gceist leis sin, dá bhrí sin, i dteannta chur chun feidhme éifeachtach *acquis* an Aontais maidir le bainistiú ceimiceán, rannchuidiú bainistithe ceimiceán an Aontais leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030 agus le fís 2050 den seachtú CGC a chur chun feidhme;

13. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún straitéis i ndáil le comhshaol neamhthocsaineach a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus institiúidí an Aontais faoi 2018, i gcomhréir le forálacha uile ábhartha an seachtú CGC agus leis an gclár oibre um rialáil níos fearr, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na ceithre bheart chothrománacha, na bearnaí, na neamhréireachtaí agus na neamhéifeachtúlachtaí a sainaithníodh sa mheastóireacht REFIT a rinneadh ar REACH agus sa tseiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht ceimiceán uile an Aontais ach amháin REACH, agus bearta breise á meas aige, lena n-áirítear bearta neamhrialála amhail measúnú a dhéanamh ar fheidhm ar leibhéal an Aontais chun tacú le hionadaíocht agus forbairt ionadaithe ceimiceacha agus neamhcheimiceacha inbhuanaithe, le go ndéanfar laghdú ginearálta ar nochtadh ceimiceán ó fhoinsí éagsúla, chun go soláthrófar leibhéal ard cosanta do shláinte an duine agus an chomhshaoil.